



2010. MB

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta  
2010*

# Gaeilge Ardleibhéal

---

Páipéar 2

180 M A R C

---

Dé Máirt  
15 Meitheamh  
Maidin, 9.30 go dtí 12.50

---

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

---

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.  
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## **FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).**

**Nóta:** I gcás Cheist 1 (Prós) agus Cheist 3 (Filíocht), tá rogha ann idir AN CÚRSA AINMNITHE **agus** AN CÚRSA ROGNACH.

I gcás Cheist 1, mar shampla, is féidir ceist ar an bPrós Rognach **nó** ar an bPrós Ainmnithe a fhreagairt; agus i gcás Cheist 3, is féidir ceist ar an bhFilíocht Ainmnithe **nó** ar an bhFilíocht Rognach a fhreagairt.

*Ceist 1:* PRÓS:  
AINMNITHE (A) **nó** ROGNACH (B)

*Ceist 2:* PRÓSTÉACS BREISE: Do rogha idir **A, B, C nó D**

*Ceist 3:* FILÍOCHT:  
AINMNITHE (A) **nó** ROGNACH (B)

**agus**  
DÁNTA DUALGAIS BREISE (C)

*Ceist 4:* STAIR NA GAEILGE

# Ceist 1

## PRÓS 40 MARC

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) **nó** **B** (Prós Roghnach) anseo thíos.

**A**

– PRÓS AINMNITHE –

40 marc

Freagair **(a)** *agus* **(b)**.

- (a)** Maidir leis an dráma *Lá Buí Bealtaine*, déan plé gairid ar an gcaoi a léirítear meon Nóirín Ní Chathasaigh **agus** Pheadair Mhic Fhlannchadha ann. (25 mharc)

**nó**

Maidir leis an scannán *Clare sa Spéir*, déan plé gairid ar do rogha **dhá cheann** de na gnéithe seo a leanas den scannán: (a) mar a d'athraigh iompar Eoin ó thíos go deireadh an scannáin; (b) tábhacht na curiarrachta in imeachtaí an scannáin; (c) an greann sa scannán; (d) an úsáid a bhaintear as ceol sa scannán. (25 mharc)

**nó**

“Cé gur pearsa mhíthaitneamhach é An Cearrbhach Mac Cába, éiríonn leis bá an léitheora a choinneáil trína chuid scéiméireachta in aghaidh an Bháis.” An ráiteas sin a phlé. (25 mharc)

- (b)** “Sa dírbheathaisnéis *Fiche Blian ag Fás*, tugtar léiriú spéisiúil ar eachtraí Mhuiris agus Thomáis agus ar an gceacht a d'fhoghlaim siad astu.” Déan plé gairid air sin. (15 mharc)

**nó**

Maidir leis an sliocht as an dírbheathaisnéis *Fiche Blian ag Fás*, déan plé gairid ar **dhá thréith** a bhaineann le Muiris ann. (15 mharc)

**B**

– PRÓS ROGNACH –

40 marc

Freagair **(a)** *agus* **(b)**.

- (a)** Maidir le dráma roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar an gcaoi a léirítear meon na **beirte** príomhphearsan ann. (25 mharc)

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

**nó**

Maidir le scannán roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar **dhá cheann** de na gnéithe seo a leanas: (a) an suíomh is fearr leat ann agus an chaoi a gcuirtear le chéile é; (b) an radharc is fearr leat agus an modh a léirítear é; (c) an phearsa is fearr leat agus an chaoi a gcuirtear i láthair é/i; (d) cé chomh sásuil is atá críoch an scannáin. (25 mharc)

*Ní mór teideal an scannán sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

**nó**

Maidir le scéal béaloidis roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar **dhá ghné** den scéal sin a thaitin leat. (25 mharc)

*Ní mór teideal an scéal bhéaloidis sin a scriobh síos go cruinn.*

- (b)** Maidir leis an sliocht as an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar cé chomh héifeachtach is atá an fhorbairt ar an bpriomhtháma ann. (15 mharc)

*Ní mór teideal na dírbheathaisnéise, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

**nó**

Maidir leis an sliocht as an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar **dhá thréith** de chuid an údair ann. (15 mharc)

*Ní mór teideal na dírbheathaisnéise, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

# Ceist 2

## PRÓSTÉACS BREISE 40 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN AS **A** **nó** **B** **nó** **C** **nó** **D** ar na leathanaigh 4 (thíos) agus 5, 6, 7 (thall).

**A**

– GEARRSCÉALTA –

**40 marc**

Freagair **(a)** **nó** **(b)**.

### (a) SCOTHSCÉALTA

(40 marc)

- (i) “I ngearrscéalta Phádraic Uí Chonaire, is minic a osclaíonn eachtra shuntasach croí agus aigne an duine ar a chás féin.”

An ráiteas sin a phlé maidir le do rogha **scéal amháin** díobh seo a leanas:

*M'Fhile Caol Dubh; Anam an Easpaig; Ná Lig Sinn i gCathú; An Bhean ar Leag Dia Lámh uirthi.*

**nó**

- (ii) “Is in aigne agus i gcroí an duine is mó a tharlaíonn an choimhlint i ngearrscéalta Phádraic Uí Chonaire.”

An ráiteas sin a phlé maidir le do rogha **scéal amháin** díobh seo a leanas:

*M'Fhile Caol Dubh; Teatrarc na Gaililí; Beirt Bhan Misniúil; Anam an Easpaig.*

### (b) CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGNACH

(40 marc)

- (i) “Is minic a thagann athrú nó forbairt ar phearsantacht na príomhphearsan in imeacht an scéil.”

An ráiteas sin a phlé maidir le do rogha gearrscéal **amháin** as do chnuasach rognach.

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

**nó**

- (ii) Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach rognach, déan plé ar thubaiste éigin i saol na príomhphearsan ann agus ar thionchar na tubaiste sin ar a s(h)aol.

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

Freagair (a) **nó** (b).

**(a) MÁIRE NIC ARTÁIN**

(40 marc)

- (i) “Is éifeachtach an léiriú a dhéantar san úrscéal *Máire Nic Artáin* ar an tionchar a bhíonn ag an gné ghránna den saol ar aigne shoineanta an duine óig.”

An ráiteas sin a phlé.

**nó**

- (ii) “Is éifeachtach an léiriú a thugtar dúinn ar chúlra polaitiúil agus creidimh Bhéal Feirste agus ar an tionchar atá ag an gcúlra sin ar imeachtaí an úrscéil *Máire Nic Artáin*.”

An ráiteas sin a phlé.

**(b) ÚRSCÉAL ROGNACH**

(40 marc)

- (i) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan cur síos ar thréimhse áirithe i saol na príomhphearsan agus ar an tionchar atá ag an tréimhse sin ar a c(h)aidreamh le mórphearsa eile san úrscéal.

*Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

**nó**

- (ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an tionchar a bhíonn ag eachtraí áirithe ar mhianta agus ar aislingí na príomhphearsan ann.

*Ní mór teideal an úrscéil, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

# Ceist 2 ar leanúint

---

C

– DÍRBHEATHAISNÉISÍ –

40 marc

Freagair (a) **nó** (b).

**(a) A THIG NÁ TIT ORM** (40 marc)

- (i) “In *A Thig Ná Tit Orm* faightear eolas mion ar shaol oibre agus sóisialta na nÉireannach in Chicago agus ar an gcoimhlint chiníoch ansin le linn an ama a chaith Maidhc Dainín ann.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

**nó**

- (ii) “Tugtar léiriú maith sa dírbheathaisnéis seo ar an gcaoi ar fhás a ghrá don cheol i Maidhc Dainín agus ar an tairbhe a bhain sé as i rith a shaoil.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

**(b) DÍRBHEATHAISNÉIS ROGNACH** (40 marc)

- (i) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan cur síos ar an tionchar a bhí ag eachtraí áirithe ar shaol agus ar mheon an údair inti.

*Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

**nó**

- (ii) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, déan cur síos ar an gcaidreamh a bhí ag an údar le **beirt** phearsan ina s(h)aol agus ar an tionchar a bhí ag na pearsana sin air/uirthi.

*Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

Freagair (a) **nó** (b).

**(a) AN TRIAIL**

(40 marc)

- (i) “Fásann príomhchoimhlintí an dráma as lochtanna nó duáilcí daonna a cheiltear faoi chosúlacht an ghrá.”

Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagaírt don dráma *An Trial*.

**nó**

- (ii) “Is iomaí teicníocht dhrámata a úsáidtear sa dráma *An Trial* chun forbairt a dhéanamh ar an bpríomhthéama.”

Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagaírt do **dhá** theicníocht dhrámata, ar a laghad.

**(b) DRÁMA ROGNACH**

(40 marc)

- (i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an gcaidreamh atá ag an bpríomhphearsa le **beirt** phearsan eile sa dráma agus an tionchar a bhíonn ag an gcaidreamh sin ar imeachtaí an dráma.

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

**nó**

- (ii) “Is iomaí teicníocht dhrámata a úsáidtear i ndráma chun forbairt a dhéanamh ar an bpríomhthéama ann.”

Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagaírt do **dhá** theicníocht dhrámata ar thug tú suntas dóibh sa dráma roghnach a ndearna tú staidéar air.

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go cruinn.*

# Ceist 3

## FILÍOCHT 70 MARC

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) ar na leathanaigh 8, 9 agus 10   **nó**   **B** (Filíocht Roghnach) ar leathanach 11  
**agus** freagair **C** (Dánta Dualgais Breise) ar na leathanaigh 12, 13 agus 14.

**A**

– FILÍOCHT AINMNITHE –

35 marc

Freagair **(a)** atá thíos **agus** **(b)** atá thall ar leathanach 10.

- (a)** (i) “Tá an pléisiúr agus an t-aiféala fite fuaite ina chéile i gcuimhní an fhile sa dán *Jack* (thíos).”

Déan plé gairid ar an ráiteas sin. (12 marc)

- (ii) Scríobh nóta gairid faoi éifeacht na húsáide a bhaineann an file as **dhá** cheann díobh seo a leanas:

suíomh an dáin; an t-atmaisféar; na híomhánnna; an friotal.

(8 marc)

### JACK

Strapaire fionn sé troithe ar airde,  
Mac feirmeora ó iarthar tíre,  
Ná cuimhneoidh feasta go rabhas-sa oíche,  
Ar urlár soimint aige ag rince,

Ach ní dhearúdfad a ghéaga im thimpeall,  
A gháire ciúin ná a chaint shibhialta –  
Ina léine bhán is a ghruaig nuachíortha  
Buí fén lampa ar bheagán íle.

Fágfaidh a athair talamh ina dhiadh aige,  
Pósfaidh bean agus tógfaidh síolbhach,  
Ach mar conacthas domhsa é arís ní chífear,  
Beagbheann ar chách mar ’gheal lem chroi é.

Barr dá réir go raibh air choíche!  
Rath is séan san áit ina mbíonn sé!  
Mar atá tréitheach go dté crích air –  
Dob é an samhradh so mo rogha ’pháirtí é.

---

## **nó**

- (i) “Cuireann na híomhánna go mór leis an gcodarsnacht sa dán *Níl Aon Ní* (thíos).”

Déan plé gairid ar an ráiteas sin. (12 mharc)

- (ii) Scríobh nóta gairid faoi éifeacht na húsáide a bhaineann an file as **dhá** cheann díobh seo a leanas:

dathanna; logainmneacha; uaim; an t-atmaisféar.

(8 marc)

### **NÍL AON NÍ**

Níl aon ní, aon ní, a stór,  
níos suaimhní ná clapsholas smólaigh  
i gCaiseal na gCorr,

ná radharc níos aoibhne  
ná buicéad stáin na spéire ag sileadh  
solais ar Inis Bó Finne.

Is dá dtiocfá liom, a ghrá,  
bheadh briathra ag bláthú ar ghas mo ghutha  
mar shiolastrach Ghleann an Átha,

is chluinfeá geanraí sí  
i gclingireacht na gcloigíní gorma  
i gcoillidh Fhána Bhuí.

Ach b’fhearr leatsa i bhfad  
brúchtbaile balscóideach i mBaile Átha Cliath  
lena ghleo tráchta gan stad,

seachas ciúinchónaí sléibhe  
mar a gciúnaíonn an ceo le teacht na hoíche  
anuas ó Mhín na Craobh.

# Ceist 3 ar leanúint

---

(b) “Sa dán *Faoiseamh a Gheobhadsa* (thíos), tá codarsnacht láidir idir **dhá** ghné de shaol an fhile.”

Déan plé gairid ar an ráiteas sin.

(15 mharc)

**nó**

Maidir leis an dán *Faoiseamh a Gheobhadsa*, déan trácht gairid ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file as **dhá** cheann díobh seo a leanas:

an friotal; an t-atmaisféar; na híomhánna; na mothúcháin.

(15 mharc)

## FAOISEAMH A GHEOBHADSA

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine  
Ar oiléan mara,  
Ag siúl cois cladaigh  
Maidin is tráthnóna  
Ó Luan go Satharn  
    Thiar ag baile.

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine  
Ó chrá chroí,  
Ó bhuairt aigne,  
Ó uaigneas dhuairc,  
Ó chaoint ghontach  
    Thiar ag baile.

Freagair (a) **agus** (b).

- (a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **bean**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file as **dhá ghné** díobh seo a leanas: (a) na hiomhánna; (b) na mothúcháin; (c) an friotal; (d) forbairt an téama. (12 mharc)
- (ii) Luaigh an mothúchán is mó a mhúscláionn an dán **ionat** fén agus cuir **fáth amháin** le do rogha. (8 marc)

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scriobh síos go cruinn.*

**nó**

- (i) Maidir le dán nua-aimseartha a chum **fear**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, déan plé gairid ar **an dá theicníocht** is éifeachtaí a úsáideann an file chun príomhthéama an dáin a phorbairt. (12 mharc)
- (ii) Déan plé gairid ar an gcaoi a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort féin. (8 marc)

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scriobh síos go cruinn.*

- (b) (i) Maidir le dán **nua-aimseartha** a chum **bean**, agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan plé gairid ar phríomhthéama an dáin agus ar an gcaoi a léirítear an príomhthéama sa dán. (15 mharc)

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scriobh síos go cruinn.*

**nó**

- (ii) Maidir le dán **nua-aimseartha** a chum **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, déan plé gairid ar do rogha **dhá cheann** de na gnéithe seo: (a) cúlra an dáin; (b) dearcadh an fhile mar a léirítear sa dán é; (c) an mheadarach; (d) an friotal. (15 mharc)

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile, a scriobh síos go cruinn.*

# Ceist 3 ar leanúint

Freagair C (Dánta Dualgais Breise) ar na leathanaigh 12, 13 agus 14.

C

– DÁNTA DUALGAIS BREISE – 35 mharc

Freagair (a) nó (b).

(a) Freagair (i), (ii) *agus* (iii) thíos.

- (i) “Sa dán *Úirchill a’ Chreagáin* tá an t-eolas ar chás an fhile agus ar chás na tíre ar na rudaí is suntasaí ann.”

An ráiteas sin a phlé maidir leis an dán thíos. (20 marc)

- (ii) Mínigh na línte seo:

‘A ríoghain deas mhilis, más cinniúin domh tú féin mar stór,  
tabhair léagsa is gealladh domh sul fá n-aistre mé leat siar sa ród,  
má éagaim fán tSeanainn, i gcrích Mhanainn nó san Éiphte mhór  
gurb i gcill chumhra an Chreagáin a leagfar mé i gcré faoi fhód.’

(6 mharc)

- (iii) Scríobh nóta ar mheadaracht an dáin agus léirigh í le do rogha véarsa as. (9 marc)

## ÚIRCHILL AN CHREAGÁIN

Ag Úirchill an Chreagáin a chadail mé aréir faoi bhrón  
is le héirí na maidne tháinig ainnir fá mo dhéin le póig;  
bhí gríos-ghrua ghartha aici ’gus lainnir ina céibh mar ór  
's gurb é íocshláinte an damhain bheith ag amharc ar an ríoghain óig.

‘A fhialfhair charthanaigh, ná caitear thusa i ndealramh bróin  
ach éirigh ’do sheasamh ’gus aistrigh liom siar sa ród  
go thír dheas na meala nach bhfuair Gallaibh ann cead réim go fóill  
mar ’bhfaighir aoibhneas ar hallaibh do do mhealladh le siansa ceoil. ’

‘Cha diúltfainn do chuireadh ar a gcuinníonn siad na ríthe d’ór  
ach gur cladhartha liom scarúint le mo charaid ’tá sa thír go fóill;  
an céile úd a mheallas le mo gheallúint tráth bhí sí óg,  
dá dtréigfinnanois í gur fiosach damh go mbeadh sí i mbrón.’

‘Cha shílim gur caraid duit a maireann de do ghaoltaibh beo –  
tá tú faofa, gan earra, bocht, earraoideach, baoth, gan dóigh;  
nach mb’fhearr dhuitse imeacht le hainnír na maothchroibh meor  
nó an thírse a bheith ag fanóid faoi gach rabhán dá ndéan tú ’cheol?’

‘A ríoghain deas mhilis, an tú Helen fár treagh dadh sló  
nó an de na naoi mná deasa thú ó Pharnassus bhí déanta i gcló?  
cá thír insa chruinne ’nar hoileadh thú, a réalt gan cheo,  
lér mhian leat mo shamhailse a bheith ag cagarnaigh leat siar sa ród?’

‘Ná fiafraigh dhíom ceastaibh óir cha gcadlaim ar an taobhsa ’Bhóinn; is síogaí beag linbh mé a hoileadh le taobh Ghráinne Óig’; i mbruín cheart na n-ollamh bím go follas ag dúscadh an cheoil, san oíche ag Teamhair ’s ar maidin i gclár Thír Eoghain.

‘S é mo ghéarghoin tinnis gur theastaigh uainn Gaeil Thír Eoghain agus oidhríbh an Fheadha gan seaghais faoi léig ’ár gcóir, géagaibh glandaite Néill Fhrasaigh nach dtréigfeadh an ceol is chuirfeadh éide fá Nollaig ar na hollaimh bheadh ag géilleadh dóibh.’

‘Ó treagh dadh na treabhaidh bhí in Eachroim is fa-raoir! fán mBóinn, sliocht Íre, na flaithibh bhéaradh fascadh do gach aon draoi gan gheleo, nach mb’fhearr dhuitse sna liosaibh agus mise le do thaobh gach neoin ná saighde chlann Bhullaí a bheith ag tolladh fá do chroi go deo?’

‘A ríoghain deas mhilis, más cinniúin damh tú féin mar stór, tabhair léagsa is gealladh damh sul fá n-aistre mé leat siar sa ród, má éagaim fan tSeanainn, i gcrích Mhanainn nó san Éiphte mhór gurb i gcill chumhra an Chreagáin a leagfar mé i gcré faoi fhód.

## ***nó***

(b) Freagair (i), (ii) ***agus*** (iii) thíos.

(i) “Cé gur dán fáthchiallach ar an saol é *An Chéad Dráma* tá cás an fhile chun tosaigh ann.”

An ráiteas sin a phlé.

(20 marc)

(ii) Mínigh na línte seo:

‘Tá mo pháirt-se ar tí a bheith thart  
Ach ní raibh na focla a’am i gceart  
Thar fóir sa ngluaiseacht is ó smacht  
Ach tá na torthaí fós le theacht  
Chaill mé marcannai.’

(6 mharc)

(iii) Scríobh nóta ar an úsáid a bhaintear sa dán as **dhá** cheann díobh seo a leanas:

uaim agus comhuaim; comhardadh; an rithim; an friotal.

(9 marc)

### **AN CHÉAD DRÁMA**

Chum Dia dráma ‘gleann na ndeoir’,  
Agus thug sé páirt ann do go leor,  
Dráma fada ar státse mór,  
An domhan.

’Sé Dia a chum an tragóid staire,  
Agus rinne sé leideoir den bhuachaill báire  
Táim cinnte glan go mbíonn sé ag gáire –  
Faoin aisteoireacht.

Chum sé dráma le milliún radharc  
Agus rinne sé leideoir d’fhear na n-adharc  
Ar chúl an chuitín as ár radharc,  
Na héisteoirí

Léiríonn sé féin a dhráma,  
Agus tugann sé na torthaí ag deireadh an ama  
Faigheann an leideoir na daoine cama  
Ach coinníonn sé fhéin na daoine mánla  
Nach aisteach.

Tá mo pháirt-se ar tí a bheith thart  
Ach ní raibh na focla a’am i gceart  
Thar fóir sa ngluaiseacht is ó smacht  
Ach tá na torthaí fós le theacht  
Chaill mé marcannai.

Níl fantaanois ach mír bheag eile,  
Nó go dtitfidh an cuirtín síos ag deireadh,  
Tiocfaidh an dráma ar aghaidh le foireann eile,  
Agus fágfar mise ag an seoladh deireadh,  
An roiligh.

Más uaigní an mhír atá le theacht,  
Ná an radharc deire a d’imigh thart,  
Imeoidh mo chiall ’s mo mheabhair ó smacht  
Agus scoiltfidh an croí in mo lár faoi sheacht –  
Le uaigneas.

Tiúrfaidh an dochtúir suas a chás,  
Is fágfar mise ag an mbás,  
Ansín tá mise ag deireadh an rás’,  
Tabhair duais dom.

Beidh mo chnámha i gcónra dharaigh,  
Is mé sínte siar le ciumhais na mara,  
Díbir a leideoir agus teara,  
A léiritheoir.

# Ceist 4

---

## STAIR NA GAEILGE 30 MARC

Scríobh gearrchuntas ar DHÁ CHEANN díobh seo a leanas.

I gcás **(a)** agus **(b)** is pointí gearra eolais atá á lorg.

I gcás **(c)**, **(d)**, **(e)** agus **(f)** tá pointí níos faide á lorg.

- (a)** Do rogha **beirt** díobh seo a leanas:

Breandán Ó hEithir  
Pádraig Mac Piarsais  
Peig Sayers  
Biddy Jenkinson  
Nuala Ní Dhomhnail  
Seathrún Céitinn  
Deirdre Brennan  
Seán Ó Coisdealbha

[Ní mórla **saol** agus **saothar** gach duine díobh a lua.]

- (b)** Do rogha **dhá** cheann díobh seo a leanas:

An tSean-Ghaeilge; na gluaiseanna; logainmneacha na hÉireann; na Gaeltachtaí.

- (c)** Scríbhneoirí Choláiste Lováin sa 17ú haois.

[Is leor **trí** mhórphointe.]

- (d)** Béaloideas na Gaeilge.

[Is leor **trí** mhórphointe.]

- (e)** Meath na Gaeilge sa naoú haois déag.

[Is leor **trí** mhórphointe.]

- (f)** Príomhchanúintí na Gaeilge.

[Is leor **trí** mhórphointe.]

# Leathanach Bán